



Pobal Beo

**Tionól Forbartha
Gaeleideachas
i bpáirt le COGG**

16 Samhain 2018
#Tionól2018



Gaeleideachas 
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Urraithe ag

Foras na Gaeilge

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscoláiochta



gaeilge.ie



GEATA CHUN NA GAEILGE
GATEWAY TO THE IRISH LANGUAGE



BAILE ÁTHA CLIATH · BÉAL FEIRSTE · RÁTH CHAIRN · GAOTH DOBHAIR

www.forasnagaeilge.ie



Fáilte

A Chairde,

Cuireann sé an-ríméad orainn fáilte ó chroí a chur romhaibh thar ceann COGG agus Gaeloideachas chuig comhdháil na bliana seo, i gCathair na dTreabh.

Is é an 'Pobal Beo' téama an Tionóil, rud atá thar a bheith tráthúil i gcomhthéacs Bhliain na Gaeilge 2018 – táimid cinnte go bhfuil sibh go léir tar éis sult a bhaint as an iliomad imeachtaí i mbliana. Molaimid gach duine bainteach le Bliain na Gaeilge agus táimid cinnte gur dearfaí arís atá toadhchaí na teanga dá bharr. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta sna scoileanna le bliain anuas le tacaíocht ón Aonad Gaeltachta. Tá fuinneamh faoin bpleanáil teanga sna limistéir phleanála teanga éagsúla agus an dóchas ann gur ag dul sa treo ceart atáimid leis na tacaíochtaí seo.

Tá súil againn go dtabharfaidh gach aon ghné den ócáid seo lón machnaimh daoibh, agus go mbeidh sibh spreagtha as an nua de bharr an Tionóil.

Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil le foireann Gaeloideachas agus COGG as a ndíograis leanúnach sa ghort seo.

Tá súil againn go mbaine sibh sult agus taitneamh as an Tionól.

Anna Ní Chartúir, Uachtarán Gaeloideachas agus Dónal Ó hAiniféin, Cathaoirleach COGG

Ar fáil le cabhrú libh!

Tá láinnéir ar dhath gorm á gcaitheamh ag baill foirne agus ag baill bhoird Gaeloideachas le go mbeidh sibh in ann iad a aithint go héasca ag an Tionól Forbartha, agus fáiltíonn siad roimh cheisteanna!

Ná déanaigí dearmad bhur láinnéar féin a chur sa bhosca ag an deasc clárúcháin ag deireadh an lae le go mbeidh sibh san áireamh sa chrannchur le ticéad saor in aisce a bhuachan do Thionól Forbartha na bliana seo chugainn in Óstán Rochestown Park i gCorcaigh ar an 15 Samhain 2019.

Forbhreathnú ar an glár do bhunscoileanna

08.45-09.15	Clárúchán	
09.30-11.00	Ollseisiún	
Fáilte le hAnna Ní Chartúir, Uachtarán Gaeloideachas agus Dónal Ó hAiniféin, Cathaoirleach COGG Eochairaitheasc an Tionóil: Pobal Beo – Pobal Bisiúil? An tOllamh Gearóid Ó Tuathaigh, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh		Príomhsheomra Comhdhála An chéad urlár
11.00-11.30	Sos agus Seastáin	
11.30-12.45	Ceardlanna	
Pléphainéal 'Pobal Beo' An Ghaeilge laistigh agus lasmuigh den scoil: an nuálaíocht á cur i ngníomh Cathaoirleach: an Dr T.J. Ó Ceallaigh, Coláiste Mhuire Gan Smál		Príomhsheomra Comhdhála An chéad urlár
An códú sa seomra ranga Lán-Ghaeilge: cruthaitheacht, comhoibriú agus réiteach fadhbanna le 'Everyone Can Code' Frank Ó Tormaigh, Gaelscoil Eiscir Riada le hÉanna Ó Brádaigh <i>Réamháirithintí amháin (ceardlann lán)</i>		Seomra Bridge Urlár na talún
Disléicse sa bhunscoil - cad le déanamh? Deirdre Nic Gabhann, Gaelscoil Riabhach <i>Réamháirithintí amháin (ceardlann lán)</i>		Seomra Eyre Urlár na talún
12.45-13.45	Lón agus Seastáin	
13.45-14.45	Ceardlanna	
Teanga na matamaitice agus réiteach fadhbanna sa bhunscoil lán-Ghaeilge Monica Ní Choitir agus Deirdre Ní Dhorchai, Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg		Seomra Eyre Urlár na talún
An drámaíocht sa bhunscoil – leideanna praiticiúla, cluichí drámaíochta agus nodanna don léiriú stáitse Fil Uí Dhubhghaill, Coláiste Mhuire Gan Smál <i>Réamháirithintí amháin (ceardlann lán)</i>		Seomra Bridge Urlár na talún
Caithfear éisteacht le Pareto! An ceartúchán feidhmeach agus cothú na litearthachta Muireann Ní Bheaglaioich, Teagascóir Gaeilge trasleibhéil		Príomhsheomra Comhdhála An chéad urlár
14.45-15.15	Sos agus Seastáin	
15.15-16.15	Ceardlanna	
Sealbhú agus saibhriú teanga sna ranganna naíonán i suíomhanna lán-Ghaeilge Dónal Ó hAiniféin, Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg & Cairtriona Uí Bhéarra, Scoil Sailearna		Seomra Eyre Urlár na talún
Acmhainní éifeachtacha agus nuálacha don seomra ranga bunleibhéil Logainm.ie, Dúchas.ie, TG4, Séideán SÍ, An Gúm, CCEA		Príomhsheomra Comhdhála An chéad urlár
An drámaíocht sa bhunscoil – leideanna praiticiúla, cluichí drámaíochta agus nodanna don léiriú stáitse Fil Uí Dhubhghaill, Coláiste Mhuire Gan Smál <i>Spásanna teoranta</i>		Seomra Bridge Urlár na talún
Intreoir chuig Codú: códú ar iPad le 'Swift Playgrounds' Seán Ó Grádaigh, Scoil an Oideachais, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh <i>Réamháirithintí amháin (ceardlann lán)</i>		Seomra Ballybrit Urlár na talún

16.15-17.15	Ceardlanna	
An luathlitearthacht sa Ghaeloideachas <i>Áine Nic Giolla Bhride, Príomhoide Scoil Mhín Teineadh Dé, Co. Dhún na nGall, Searún Nic Giolla Bháin, Múinteoir na mbunranganna, Scoil Mhín Teineadh Dé, agus Dr Eibhlín Mhic Aoidh, Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste</i>		Seomra Eyre Urlár na talún
Ó chumas go húsáid: ról an Ghaeloideachais i neartú na Gaeilge <i>An tOllamh Pádraig Ó Duibhir, Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath</i>		Seomra Bishop Urlár na talún
Scéimeanna maoinithe agus tacaíochtaí ó Fhoras na Gaeilge <i>Foireann Fhoras na Gaeilge</i>		Seomra Ballybrit Urlár na talún
19.30	Fáiltiú & Dinnéar Ceiliúrtha an Tionóil <i>Siamsaíocht ó Kila agus lúibín nó dhó le Ray Mac Mánaís agus Joe Ó Dónaill</i>	

Riachtanais

Speisialta Oideachais

sa chóras lán-
Ghaeilge agus
Gaeltachta

Comhdháil lae
9.00-17.00, 4 Aibreán 2019
Óstán Mullingar Park

www.gaeloideachas.ie | eolas@gaeloideachas.ie | 01 8535195



An Coimisinéir Teanga



www.coimisineir.ie

An Spidéal, Gaillimh, Éire

FÓN: 091 504 006 / 1890 504 006

RÍOMHPHOST: eolas@coimisineir.ie



[@ceartateanga](https://twitter.com/ceartateanga)

Ag cosaint cearta teanga


Forbhreathnú ar an gclár d'iar-bhunscoileanna

08.45-09.15	Clárúchán	
09.30-11.00	Ollseisiún	
Fáilte le hAnna Ní Chartúir, Uachtarán Gaeloideachas agus Dónal Ó hAinfein, Cathaoirleach COGG Eochairaitheasc an Tionóil: Pobal Beo – Pobal Bisiúil? An tOllamh Gearóid Ó Tuathaigh, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh		Príomhsheomra Comhdhála An chéad urlár
11.00-11.30	Sos agus Seastáin	
11.30-12.45	Ceardlanna	
Acmhainní éifeachtacha agus nuálacha don seomra ranga iar-bhunleibhéil Logainm.ie, Dúchas.ie, Fáilte ar Líne, TG4, Techspace, Tuairisc.ie, Saolobre.ie		Seomra Bishop Urlár na talún
Pléphainéal 'Pobal Beo' An Ghaeilge laistigh agus lasmuigh den scoil: an nuálaíocht á cur i ngníomh Cathaoirleach: an Dr T.J. Ó Ceallaigh, Coláiste Mhuire Gan Smál		Príomhsheomra Comhdhála An chéad urlár
An próiseas don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (i. Cruinniú SLAR) Stiofán Ó Cualáin agus Sínead Ní Thuathaigh, Comhairleoirí de chuid SSM (JCT)		Seomra Clarin Urlár na talún
12.45-13.45	Lón agus Seastáin	
13.45-14.45	Ceardlanna	
Riachtanais speisialta oideachais san iar-bhunscoil: ról an oide ábhair An Dr Ruaidhrí Ó Béarra, An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, An Roinn Oideachais agus Scileanna		Seomra Bishop Urlár na talún
Caithfear éisteacht le Pareto! An ceartúchán feidhmeach agus cothú na litearthachta Muireann Ní Bheaglaoich, Teagascóir Gaeilge trasleibhéil		Príomhsheomra Comhdhála An chéad urlár
14.45-15.15	Sos agus Seastáin	
15.15-16.15	Ceardlanna	
Múineadh na litríochta ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí Lydia Uí Ruairc, Coláiste Íosagáin		Seomra Bishop Urlár na talún
Intreoir chuig Codú: códú ar iPad le 'Swift Playgrounds' Seán Ó Grádaigh, Scoil an Oideachais, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh Réamháirithintí amháin (ceardlann lán)		Seomra Ballybrit Urlár na talún
An tSraith Shinsearach: athbhreithniú i dteannta scoileanna Elaine Ní Neachtain, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta		Seomra Clarin Urlár na talún
16.15-17.15	Ceardlanna	
Teacht le chéile do na haonaid Cathaoirleach: Clare Spáinneach, Gaeloideachas		Seomra Clarin Urlár na talún
Ó chumas go húsáid: ról an Ghaeloideachais i neartú na Gaeilge An tOllamh Pádraig Ó Duibhir, Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath		Seomra Bishop Urlár na talún
Scéimeanna maoinithe agus tacaíochtaí ó Fhoras na Gaeilge Foireann Fhoras na Gaeilge		Seomra Ballybrit Urlár na talún
19.30	Fáiltiú & Dinnéar Ceiliúrtha an Tionóil	
Siamsaíocht ó Kíla agus lúibín nó dhó le Ray Mac Mánaís agus Joe Ó Dónaill		

TÁ RÉIMSE MÓR ÁISEANNA AR FÁIL Ó HIGHLINE OFFICE TECHNOLOGY ó #EdTech go Réitigh Ranganna.



Promethean ActivPanels -
Painéil idirgníomhacha den scoth,
don fhoghlaim thumthach



Íomháu Epson – Réimse iomlán de theilgeoirí
agus amharcléiritheoirí (short throw / caitheamh
gairid), ultra short throw / caitheamh righairid)

**Clódóirí, Fótachóipirí, Scanóirí,
Bainistíocht Cáipéise Bogearraí**



Is dáileoir údaráithe é
HIGHLINE OFFICE TECHNOLOGY
do Epson, Promethean, Canon,
Olivetti agus HSM Shredders.



Tá foireann innealtóra údaráithe inti ar fáil. Is saineolaithe
agus údaráithe suiteála iad a fheidhmíonn ar bhonn náisiúnta.

Déan teagmháil linn inniu do chomhairliúchán SAOR IN AISCE agus
an scrúdú sláinte atá ar fáil don fhearas atá agat i do scoil féin.



HIGHLINE

OFFICE TECHNOLOGY



sales@highline.ie | 01 4097034 | www.highline.ie | Ár gcaighdeán: #SéirbhísDenScoth

Clár na Seastán

Tá ríméad orainn go mbeidh seastáin ag na comhlachtaí agus ag na heagraíochtaí thíos ag an Tionól Forbartha i mbliana. Bí cinnte cuairt a thabhairt orthu! Ná dearmad na stampaí a bhailiú don Duaischárta le go mbeidh tú san áireamh sa chrannchur ag Dinnéar Ceiliúrtha an Tionóil.

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Cláir chéime agus iarchéime ó leibhéal 7 go dtí leibhéal 10

Achieve Online Learning Ltd.

Cúrsaí ríomhfhoghlama saincheaptha, mar aon le bainistiú ar ábhar reatha an chliaint ar líne.

Activate Speech

Áiseanna teiripe urlabhra agus teanga.

Allergy Lifestyle

Tá réimse leathan táirgí acu do dhaoine le hailléirgí agus le hasma.

An Gúm

Foilsitheoir leabhar Gaeilge.

An tÁisaonad

Áiseanna oideachais (áiseanna ilmheán chomh maith le háiseanna clóbhuailte) d'earnáil na Gaelscolaíochta.

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM)

Is seirbhís de chuid na Roinne Oideachais & Scileanna í, ag tacú le scoileanna trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar ardchaighdeán a sholáthar agus trí acmhainní éifeachtacha teagaisc agus foghlama a chur ar fáil do cheannairí agus do mhúinteoirí scoile.

Clever Mind Toys

Cluichí oideachas-bhunaithe.

Cló Iar-Chonnacht

Comhlacht foilsitheoireachta lonnaithe i gConamara, a fhoilsíonn leabhair i nGaeilge go príomha, agus ceol traidisiúnta.

Conradh na Gaeilge

Fóram daonlathach phobal na Gaeilge, ceann de na sé cheanneagraíocht maoinithe ag Foras na Gaeilge san earnáil dheonach.

Cúla 4/TG4

Is sraith de chláir do dhaoine óga atá i gceist le Cúla 4 ar chainéal náisiúnta teilifíse na Gaeilge, TG4.

Emu Ink

Soláthraíonn siad acmhainn saor in aisce ar-líne chun scileanna litearthachta a fhorbairt i bpáistí scoile.

Fios Feasa

Comhlacht teanga lonnaithe i gcroílár na Gaeltachta a sholáthraíonn earraí ilmheánacha agus seirbhísí comhairleoireachta teanga.

Futa Fata

Teach foilsitheoireachta a chuireann béim ar ábhar spreagúil a chur ar fáil do léitheoirí óga. Tá suim ar leith aige sa cheol agus sna hamhráin, agus tá éileamh mór ar na dlúthdhioscaí a thagann uaidh.

Gael Linn

Ceann de na sé cheanneagraíocht maoinithe ag Foras na Gaeilge. Eagraíonn siad imeachtaí do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna – Coirm, Féilte Peile, Gaelbhrratach, Díospóireachtaí, Scléip, Siansa, Abair, Tráth na gCeist.

Glór na nGael

Ceann de na sé cheanneagraíocht maoinithe ag Foras na Gaeilge. Díríonn siad ar fhorbairt na Gaeilge sa teaghlach, i measc grúpaí pobail, agus i measc grúpaí fiontraíochta agus gnó.

Highline Office Technology

Soláthróirí trealaimh oifige agus seomra ranga do scoileanna, chomh maith le bainistiú seirbhísí cló.

Kíla

Deirtear faoi Kíla, a bunaíodh i gColáiste Eoin, BÁC, in 1987, go bhfuil siad ar cheann de na buíonta ceoil is bisiúla in Éirinn. Tá a gcruith féin á gcur acu ar an gceol Gaelach, cruth a bhíonn ag síorathrú le fuaimeanna ó cheolta na cruinne nó a dtuaraimí ceolmhara úra féin.

Lámh Chúnta

Is suíomh é seo a chuireann acmhainní Gaeilge don seomra ranga/scoil ar fáil idir téacsleabhair, cluichí agus eile.

Leabhar Breac

Foilsitheoir leabhar Gaeilge lonnaithe i gConamara.

Primary Planet / Eipic

An chéad iris nuachta do pháistí in Éirinn.

Qubizm

Táirge Oideachais *Izak9* forbartha acu chun tuiscint níos fearr ar Mhata a fhuascailt i bpáistí.

Rockfield Educational Supplies

Soláthairtí agus acmhainní don seomra ranga.

Safe Food

Eagraíocht uile-Éireann a sholáthraíonn eolas do thomhaltóirí agus do scoileanna maidir le bia folláin, sábháilteacht bia, sláinte agus gníomhaíocht choirp.

Duaischárta

Tá Duaischártaí sna málaí do rannpháirtithe an Tionóil. Tabhair leat é agus tú ar cuairt ag Halla na Seastán. Chun deis a bheith agat duais a bhuachan, faigh stampa ó gach comhlacht liostáilte ar an Duaischárta ag a gcuid seastán agus fág an Duaischárta ag an deasc clárúcháin roimh 17.30.

Táimid an-bhuíoch díobh siúd ar fad a chuir duaiseanna den chéad scoth ar fáil dúinn i mbliana.

Fógrófar na buaiteoirí ag an dinnéar ceiliúrtha tráthnóna. Is gá duit bheith i láthair ag an dinnéar chun an duais a ghlacadh, nó rachaidh sé ar ais sa tarraingt arís!

The Primary Planet

Duais: 10 gcóip sa mhí ó mhí na Samhna 2018 go Meitheamh 2019 den Nuachtán do Pháistí EIPIC ar luach € 250



Qubizm – Izak9

Duais: Dearbhán Marks & Spencer ar luach € 100



Safefood

Duais: Dearbhán One4all ar luach € 100



Fios Feasa

Duais: 3 phacáiste CD-ROM - Sraith Ruairí ar luach € 90



An tAcadamh OÉG

Duais: Dearbhán ar luach € 50



An tÁisaonad

Duais: Dearbhán don Áisaonad ar luach € 50



Cló Iar-Chonnacht

Duais: Beart Leabhar Cló Iar-Chonnacht ar luach € 50





Cuir le do mhuinín agus do
chumas sa Ghaeilge

Tabhair faoi ag am agus ag luas
a oireann duit féin

Dírigh ar ábhar bunaithe ar do
riachtanais teanga féin

Téamaí:

- ainmneacha agus pearsantachtaí
- rudaí sa naíonra
- mothúcháin
- an corp agus sláinte
- aimsir agus timpeallacht
- rudaí a fhásann
- ...agus go leor leor eile!

www.gaeilgedonnaionra.ie

Gaeloideachas 

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta



Foras na Gaeilge

Clár an Tionóil: ceardlanna agus cainteoirí

09.30 – 11.00

Ceol agus lúibíní ó scoláirí Scoil Sailearna, Indreabhán
Fáilte le hAnna Ní Chartúir, Uachtarán Gaeloideachas

Eochairaitheasc an Tionóil: Pobal Beo – Pobal Bisiúil?

An tOllamh Gearóid Ó Tuathaigh, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Léargas pearsanta a thabharfaidh an cainteoir ar impleachtaí áirithe na tuisceana gur cleachtas sóisialta í labhairt na Gaeilge, agus ar cén chaoi inar féidir breith a thabhairt ar cé acu is pobal bisiúil é pobal na Gaeilge nó nach ea.

Is Ollamh Emeritus le Stair agus iar-Leas-Uachtarán ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, é Gearóid Ó Tuathaigh. Roinnt mhaith foilsithe aige ar stair an chultúir - ar an athrú teanga ach go háirithe - sa nua-thréimhse de stair na hÉireann.

Clabhsúr le Dónal Ó hAiniféin, Cathaoirleach COGG

11.30 -12.45

Disléicse sa bhunscoil – cad le déanamh?

Deirdre Nic Gabhann, Gaelscoil Riabhach, Baile Locha Riach

Sa cheardlann seo, roinnfear eolas maidir le straitéisí praiticiúla, acmhainní úsáideacha agus leis an gcineál seomraí ranga a thacaíonn le páistí a bhfuil disléicse orthu.

Is múinteoir bunscoile í Deirdre i nGaelscoil Riabhach, Baile Locha Riach. Tá sí ag obair i scoileanna lán-Ghaeilge idir ranganna agus tacaíocht foghlama ó 2001.

11.30 -12.45

An códú sa seomra ranga lán-Ghaeilge: cruthaitheacht, comhoibriú agus réiteach fadhbanna le 'Everyone Can Code'

Frank Ó Tormaigh, Gaelscoil Eiscir Riada, Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath, le hÉanna Ó Brádaigh

Tá an cheardlann seo dírithe ar mhúinteoirí bunscoile atá ag iarraidh an códú a chur i bhfeidhm sa seomra ranga le huirlisí praiticiúla. Trí úsáid a bhaint as 'Everyone Can Code' ó Apple agus na haipheanna 'Tynker' agus 'Code Spark Academy' foghlaimoidh múinteoirí faoi áiseanna atá ar fáil saor in aisce agus atá praiticiúil le cur i bhfeidhm sa seomra ranga.

Tá Frank Ó Tormaigh ag múineadh le deich mbliana i scoileanna éagsúla i gCorcaigh, i gCill Dara agus i mBaile Átha Cliath agus é ag múineadh faoi láthair i nGaelscoil Eiscir Riada i Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath, áit ina bhfuil sé i gceannas ar chúraimí teicneolaíochta. Bhain sé Máistreacht san Fhoghlaim Dhigiteach amach in 2017 agus chabhraigh sé leis an scoil an gradam Scoil Dhigiteach Barr Feabhais a fháil anuraidh. D'éirigh le Frank deontas a fháil ón gCiste do Scoileanna Barr Feabhais (Digiteach) chun grúpa comhoibriúch de shé Ghaelscoil a bhunú a chuirfidh béim ar scileanna códaithe múinteoirí agus páistí a fhorbairt trí úsáid a bhaint as Lego We Do 2.0.

11.30 -12.45

Acmhainní éifeachtacha agus nuálacha don seomra ranga iar-bhunleibhéil

Dúchas.ie, Fáilte ar Líne, Logainm.ie, Saolobre.ie, TechSpace, TG4 agus Tuairisc.ie.

Sa cheardlann seo, gheobhaidh toscairí blaiseadh ar raidhse acmhainní praiticiúla oideachais, comórtais agus tionscadal spreagúil gur féidir tabhairt fúthu sa seomra ranga iar-bhunleibhéil.

Beidh cuir i láthair ghairide ar acmhainní (fiseáin, gearrscannáin, ailt, gníomhaíochtaí ar líne), tascanna idirghníomhacha agus tionscadail gur féidir a úsáid le cur le heispéireas foghlama na scoláirí le teoracha soiléire don mhúinteoir. Ina measc, cloisfear faoi bhealaí cruathaitheacha leis na hacmhainní seo a leanas a úsáid: Dúchas.ie, Fáilte ar Líne, Logainm.ie, Saolobre.ie, TechSpace, TG4 agus Tuairisc.ie.

11.30 -12.45

Pléphainéal 'Pobal Beo' – An Ghaeilge laistigh agus lasmuigh den scoil: an nuálaíocht á cur i ngníomh Cathaoirleach: an Dr T.J. Ó Ceallaigh, Coláiste Mhuire Gan Smál

Is gné nua ar chlár an Tionóil Forbartha i mbliana é an pléphainéal. Tabharfar léargas agus déanfar machnamh ar cheist na Gaeilge laistigh agus lasmuigh den scoil agus beidh painéal aionna i láthair le saineolas, dea-chleachtais agus smaointe a roinnt, mar aon le saincheistanna a chioradh.

I measc na n-ábhar a phléifear, beidh:

- dea-chleachtais saibhrithe teanga sa Ghaelcholáiste
- rol na teicneolaíochta chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar scoil agus i suíomhanna neamhacadúla
- spreagadh, úsáid agus forbairt na Gaeilge i gclós na gaeilscoile
- úsáid agus cothú na Gaeilge sa scoil agus sa phobal áitiúil Gaeltachta

Cé go bhfuil fianaise curtha ar fáil ag taighdeoirí thar na blianta gur mó buntáiste a bhaineann leis an tumoideachas lán-Ghaeilge, mar sin féin, is iomaí staidéar atá déanta ina n-aithnítear dúshlán atá le sárú fós chun an tumoideachas a chur i bhfeidhm go rathúil. Go minic is í úsáid an Bhéarla atá i dtreis i measc dhaltaí an tumoideachais go sóisialta agus tá leibhéal an chruinnis agus réimse na n-inniúlachtaí sa Ghaeilge a bhaintear amach faoi bhunleibhéal an chainteora dúchais. Tá castachtaí agus dúshlán ag leibhéal níos práinní fós ag baint leis an gcóras oideachais sna ceantair Ghaeltachta. Tá sé léirithe go soiléir le déanaí go bhfuil ann do bhagairtí soiléire ar inbhuanaitheacht na Gaeilge mar theanga an phobail sa Ghaeltacht, agus is léir go bhfuil baol an iompair theanga ag meádú.

Aithnítear anois go bhfuil líon na bpáistí atá ina gcainteoirí dúchais ag laghdú agus go bhfuil titim ar líon na dteaghlach atá ag seachadadh na Gaeilge go dtí an ghlúin óg. Is iomaí dúshlán atá os comhair scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Sa pléphainéal seo, ciorfar an taighde is déanaí agus déanfar iniúchadh agus plé ar na saincheistanna seo ar mhaithe le réitigh phraicticiúla fhéideartha a nochtadh.

Tá an Dr T.J. Ó Ceallaigh ina stiúrthóir ar an M. Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach.

Tá Máiread Ní Chatháin Uí Chonchúir ina leas-phríomhoide gníomhach agus ina múinteoir ar ranganna na naíonán i nGaelscoil Lios Tuathail, Contae Chiarraí. Is gaelscoil DEIS banda 2 í an scoil. Tá máistreacht san oideachas, san oideachas Lán-Ghaeilge agus iarchéim san oideachas speisialta bainte amach aici. Tá oiliúint aici in aisghabháil na litearthachta. Tá saispéis aici sa luathlitearthacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, in idirghabhálacha luatha agus i múineadh in ionaid teagaisc a fhreastalaíonn ar shainriachtanaisí na bhfoghlaimoirí ar éagsúlacht cumais agus inniúlachta teanga.

Is múinteoir í Maebh Uí Ainiféin i gColáiste an Phiarsaigh ó 1999. D'fhreastail sí ar Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, áit ar bhain sí amach céim BA sa Ghaeilge agus sa Spáinnis, agus an tArdteastas san Oideachas ina dhiaidh sin. Is i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach, a thug sí faoin gcúrsa máistreachta san oideachas Lán-Ghaeilge. An t-ábhar taighde a bhí ag Maebh ná An Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga, Meon, agus Mianach.

Is é Donncha Ó Treasaigh Príomhoide Ghaelcholáiste Luimnigh. Tá an-cháil air de bharr a shuime agus a shaineolais i ngort Theicneolaíocht an Eolais agus Cumarsáide (TEC). Bhí sé ina chathaoirleach ar Chumann na bPríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí Luimnigh. Ba chathaoirleach é chomh maith ar NAPD (Ceantar 6). Bhí sé ina rúnaí don Choiste Ghaelcholáistí (ETBI). Bhí sé ina bhall de Choiste Bainistíochta Ionad Oideachais Luimnigh (iar-chathaoirleach faoi dhó) agus den Iarsmalann Hunt. Tá sé ina bhall den Fheidhmeannach an NAPD agus tá sé ina chathaoirleach ar an gCoiste TFC don NAPD. Faoi láthair tá sé i mbun staidéir ar chlár – Máistreacht Oideachais Scoileanna lán-Ghaeilge i gColáiste Mhuire Gan Smál

11.30 -12.45

An próiseas don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (i. Cruinniú SLAR) **Stíofán Ó Cualáin agus Sinéad Ní Thuathaigh, Comhairleoirí de chuid SSM (JCT)**

Cuireann cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ar chumas múinteoirí comhleanúnachas a bhaint amach ar bhonn comhoibríoch ina mbreithiúnais ar obair an scoláire i gcoinne Gnéithe Cáilíochta coiteanna, a leagtar síos go seachtach. Forbrófar tuiscint níos mó ar chaighdeán agus ar ionchais de réir a chéile, de réir mar a thiocfaidh múinteoirí le chéile i bplé gairmiúil chun machnamh a dhéanamh ar cháilíocht obair a gcuid scoláirí féin, agus treoir acu ó shonraíocht ábhair, treoirilnte measúnaithe agus ábhar tacaíochta eile. Baineann an cheardlann seo leis an bpróiseas don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a bhaineann leis an measúnú ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna) sa tSraith Shóisearach.

Is sainseirbhís tacaíochta um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) í an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna. Is í an fheidhm atá acu tacú le scoileanna agus iad ag cur an Chreata nua don tSraith Shóisearach (2015) i bhfeidhm trí FGL oiriúnach ar ardchaighdeán a sholáthar do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí agus trí acmhainní éifeachtacha teagasc agus foghlama a chur ar fáil. Is múinteoirí ar iasacht iad Stíofán agus Sinéad atá ag obair go lánaimeartha leis an SSM. Tá Stíofán ina cheannaire réigiúnach thiar, tacaíocht don scoil uile, agus FGL, agus Sinéad ina comhairleoir taighde agus FGL.

13.45-14.45

Teanga na matamaitice agus réiteach fadhbanna sa bhunscoil lán-Ghaeilge **Monica Ní Choitir agus Deirdre Ní Dhorcháí, Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg, Inis**

Tá sé rithábhachtach go bhfuil tuiscint mhaith ag scoláirí ar theanga na matamaitice le dul chun cinn éifeachtach a dhéanamh san uimhearthacht. Sa cheardlann seo, roinnfidh Monica agus Deirdre smaointe praiticiúla le teanga na matamaitice a fhorbairt agus a threisiú sa suíomh Gaelscoile. Pléifidh siad gníomhaíochtaí suimiúla a chuirfidh deiseanna ar fáil do na scoláirí teanga na matamaitice a úsáid go héifeachtach agus go cruinn, le ceisteanna a chur agus a fhreagairt, fadhbanna a réiteach, coincheapa matamaitice a phlé agus labhairt fúthu.

Is múinteoirí bunscoile iad Monica Ní Choitir agus Deirdre Ní Dhorcháí i nGaelscoil Mhíchíl Cíosóg, Co. an Chláir.

13.45-14.45 agus 15.15-16.15

An drámaíocht sa bhunscoil – leideanna praiticiúla, cluichí drámaíochta agus nodanna don léiriú stáitse **Fil Uí Dhubhghaill, Coláiste Mhuire Gan Smál**

Is ceardlann phraiticiúil bhríomhar í seo ar an drámaíocht sa bhunscoil lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Direofar ar fhiúntas ná drámaíochta, cluichí simplí drámaíochta agus leideanna praiticiúla chun dráma simplí a léiriú ar scoil.

Is as Indreabhán í Fil Uí Dhubhghaill agus tá an chuid is mó dá saol múinteoireachta caite aici i Scoil Cholmille, An Tulach, áit ina raibh sí ina príomhoide ó 2006 go dtí gur éirigh sí as in 2014. Bhain sí M. Oid. san Oideachas lán-Ghaeilge amach i gColáiste Mhuire gan Smál in 2015. Faoi láthair tá sí ag obair mar theagascóir páirtaimseartha i gColáiste Mhuire gan Smál agus ag tabhairt ceardlanna drámaíochta do scoláirí atá ag freastal ar na cúrsaí Gaeilge in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge.

13.45-14.45

Caithfear éisteacht le Pareto! An ceartúchán feidhmeach agus cothú na litearthachta **Muireann Ní Bheaglaioich, Teagascóir Gaeilge trasleibhéil**

Sa chaint seo, déanfar an Prionsabal Pareto (an riail 80/20) a mhíniú agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs mhúineadh na teanga. Cuirfear béim faoi leith ar na himpleachtaí praiticiúla a bhaineann leis an bprionsabal úd do mhúineadh na gramadaí agus do chothú na litearthachta i gcoitinne. Pléifear straitéisí teagaisc éifeachtúla lena n-áirítear srac-cheartú, deachtú agus féincheartú, staidéar feidhmeach, piartheagasc, piarmheasúnú agus measúnú chun foghlama. Beidh neart idirghníomhíochta i gceist agus tabharfar acmhainní chun foghlama do rannpháirtithe na ceardlainne.

Tá tréimhsí caite ag Muireann Ní Bheaglaioich ag múineadh Gaeilge i scoileanna T1 agus T2, do mhic léinn ollscoile agus d'fhoghlaimoirí fásta. Bíonn deacracht ag múinteoirí (Muireann féin san áireamh!) na dualgais iomadúla a bhíonn orthu a bhainistiú go héifeachtach agus a chomhlíonadh go sásúil. Éascaíonn an Prionsabal Pareto an múineadh agus an fhoghlaim éifeachtúil. Ba mhaith le Muireann a bhfuil foghlamtha aici ar a turas teagasc go nuige seo - i dtaca le bainistiú ama, teagasc éifeachtúil agus ceartúchán feidhmeach - a roinnt libh.

13.45-14.45

Riachtanais speisialta oideachais san iar-bhunscoil: ról an oide ábhair*Dr Ruaidhrí Ó Béarra, An tSeirbhís Náisiúnta Siceolaíochta Oideachais, An Roinn Oideachais agus Scileanna*

Sa cheardlann seo pléifear ról an mhúinteora ábhair maidir le riachtanais speisialta oideachais sa seomra ranga iar-bhunleibhéil. Déanfar cur síos ar riachtanais agus eispéireas daltaí iar-bhunscoile le disléicse, neamhord comhordaithe forbartha ('diospraicse') agus neamhord de chuid speictream an uathachais. Déanfar cur síos ar an idirdhealú agus socruithe réasúnta oiriúnacha do dhaltaí leis na deacrachtaí seo agus déanfar plé ar phointí ginearálta maidir le freastal ar dhaltaí le riachtanais speisialta i gcomhthéacs cuimsitheach

Is síceolaí oideachais é Ruaidhrí leis an tSeirbhís Náisiúnta Siceolaíochta Oideachais (NEPS) atá ag déanamh freastail ar fhormhór na scoileanna i nGaeltacht Chonamara. Is iar-mhúinteoir bunscoile é le taithí nach beag i gcomhthéacsanna difriúla idir Gaeltacht, Gaelscoileanna agus Galltacht.

15.15-16.15

Sealbhú agus saibhriú teanga sna ranganna naíonán i suíomhanna lán-Ghaeilge*Dónal Ó hAiniféin, Cathaoirleach COGG agus Príomhoide Ghaelscoil Mhichíl Cíosóg & Cairtríona Uí Bhéarra, Scoil Sailearna*

Taithí á roinnt maidir le suíomhanna éagsúla tumoideachais agus sealbhú teanga.

Is as Lios Deargáin, Lios Póil ar imeall Ghaeltacht Chorca Dhuibhne ó dhúchas é Dónal. Tá cónaí anois air sa Ruadhán i gContae an Chláir. Bhain sé ceim B.Oid amach i gColáiste Mhuire Gan Smál in 1989 agus Máistreacht i Modheolaíochtaí do Theagasc Teangacha in Acadamh na hOllscolaíochta, O.É.G. in 2007. Ghlac sé le post mar phríomhoide i nGaelscoil Mhichíl Cíosóg, Inis, in 2006. Is Iar-Uachtarán ar Ghaelscoileanna Teo. (2002-2005) é agus ball tofa ar COGG ó 2002 go 2010 agus ina chathaoirleach ar COGG faoi láthair. Tá an-spéis aige san oideachas Gaeltachta agus sa tumoideachas.

Is múinteoir agus príomhoide tánaisteach í Cairtríona i Scoil Sailearna, scoil Ghaeltachta in Indreabhán, Co. na Gaillimhe. Tá taithí na mblianta aici ag plé leis na naíonáin shóisearacha.

15.15-16.15

Acmhainní éifeachtacha agus nuálacha don seomra ranga bunleibhéil*Logainm.ie, Dúchas.ie, TG4, Séideán Sí, CCEA*

Sa cheardlann seo, gheobhaidh toscairí blaiseadh ar raidhse acmhainní praiticiúla oideachais, comórtais agus tionscadal spreagúil gur féidir tabhairt fúthu sa seomra ranga bunleibhéil.

Beidh cuir i láthair ghairide ar acmhainní (fiseáin, gearrscannáin, ailt, gníomhaíochtaí ar líne), tascanna idirghníomhacha agus tionscadail gur féidir a úsáid le cur le heispéireas foghlama na scoláirí le teoracha soiléire don mhúinteoir. Ina measc, cloisfear faoi bhealaí cruathaitheacha leis na hacmhainní seo a leanas a úsáid: CCEA, Dúchas.ie, Logainm.ie, Séideán Sí agus acmhainní eile ó An Gúm, agus TG4.

15.15-16.15

Intreoir chuig Codú: Códú ar iPad le 'Swift Playgrounds'*Seán Ó Grádaigh, Scoil an Oideachais, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*

An bhfuil iPad agat agus ar mhaith leat foghlaim conas códú bunúsach a chur ar bun sa rang? Is féidir códú Swift a mhúineadh ag baint úsáide as iPad, ar bhealach spraíúil agus beidh tú ag códú leat taobh istigh d'achar ar bith! Is éard is 'Swift Playgrounds' ann ná aip saor in aisce don iPad, atá dírithe ar chódú a mhúineadh do dhaoine óga. Is ceardlann ghníomhach a bheidh anseo a bheidh curtha i láthair i dtrí chuid. 1) Intreoir chuig Códú agus Smaointeoireacht Ríomhaireachtúil 2) Códú leis an Aip Swift Playgrounds. 3) Ag baint úsáide as Swift Playgrounds le ceangaltáin (Mambo Drone). Ceardlann ghníomhach de thaithí phraiticiúla a bheidh anseo agus cuirfear iPad ar fáil do na rannpháirtithe. Níl aon taithí ar chódú ag teastáil.

Is léachtóir san oideachas é Seán Ó Grádaigh ar an Máistir Gairmiúil san Oideachas (MGO), Scoil an Oideachais, OÉ Gaillimh. Is iarmhúinteoir scoile é (Tíreolaíocht & Stair) agus tá taithí teagaisc aige ag obair i nGaelcholáistí agus sa Ghaeltacht. Tá saineolas faoi leith aige in úsáid na teicneolaíochta sa seomra ranga. Is 'Apple Distinguished Educator' é Seán agus bhí an MGO aitheanta mar an chéad 'Apple Distinguished Programme' san Éoraip. Tugann Seán tacaíocht i bhfoirm ceardlanna do mhúinteoirí, i scoileanna ar spéis leo teicneolaíochtaí an oideachais a fhorbairt. Twitter: @SeanOGraTek

15.15 -16.15

Múineadh na litríochta ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí*Lydia Uí Ruairc, Coláiste Íosagáin*

Tabharfar aghaidh ar mhúineadh na ngearrscéalta, na ngearrscannán, na n-úrséalta, na filíochta agus na drámaíochta nua atá molta agus ainmnithe don chúrsa nua Sraithe Sóisearaí.

Is múinteoir Gaeilge agus Béarla í Lydia Uí Ruairc i gColáiste Íosagáin. Tá BA (onóracha) agus Ard-Diplóma san Oideachas aici ó Choláiste na Tríonóide agus bhain sí Ard-Diplóma san aistriúchán agus MA sa Nua-Ghaeilge amach in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Is í údar an fhorlionaigh *Réidh le Plé!*

15.15-16.15

An tSraith Shinsearach: athbhreithniú i dteannta scoileanna*Elaine Ní Neachtain, Stiúrthóir Curaclaim agus Measúnachta (Iar-bhunscoil), An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta*

Tabharfar spléachadh ar an obair atá idir lámha ar athbhreithniú na sraithe sinsearaí i dteannta scoileanna. Díreofar ar na léargais agus na téarmaí is mó suntas atá ag eascairt as an athbhreithniú scoilbhunaithe go dtí seo. Tabharfar aghaidh ar pheirspictíochtaí idirnáisiúnta ar an oideachas ag leibhéal na sraithe sinsearaí ó chomhthéacsanna éagsúla.

Is as an Spidéal i gConamara d'Elaine Ní Neachtain. D'fhreastail sí ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, áit ar bhain sí céim sa Ghaeilge agus sa Stair amach chomh maith le hArd-Diplóma san Oideachas. Ina dhiaidh sin, thug sí aghaidh ar Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, áit ar bhain sí Máistreacht sa Nua-Ghaeilge amach. Ceapadh Elaine mar Oifigeach Oideachais Iar-bhunscoile don Ghaeilge leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) in 2014 agus ceapadh í mar Stiúrthóir Curaclaim agus Measúnachta (Iar-bhunscoil) ó thús 2018. Roimh di post a ghlacadh leis an CNCM, bhí Elaine ag obair in oideachas tosaigh múinteoirí le Coláiste Hibernia mar leas-stiúrthóir ar an gclár Iar-bhunscoile. Chaith Elaine blianta ag gabháil do theagasc na Gaeilge ag an dara leibhéal mar aon le tréimhse ag teagasc na Gaeilge ag an tríú leibhéal i gColáiste Hibernia agus in Ollscoil Notre Dame i Meiriceá. Is comhalta í Elaine ar an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG).

16.15 -17.15

An luathlitearthacht sa Ghaeloideachas*Áine Nic Giolla Bhríde, Príomhoide Scoil Mhín Teineadh Dé, Co. Dhún na nGall, Searún Nic Giolla Bháin, Múinteoir na mbunranganna, Scoil Mhín Teineadh Dé, agus Dr Eibhlín Mhic Aoidh, Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste*

Sa cheardlann seo, díreofar ar:

1. Dánta, rannta, amhránaíocht, drámaíocht, scéalaíocht.
2. Liosta Eochairfhocal
3. Nuair atá 15 eochairfhocail ar eolas – fillteán/seastán
4. An múinteoir ag cumadh abairtí le seastán / fillteán (múnúl)
5. Na páistí ag cumadh/cuir struchtúr ar abairtí simplí, m.sh. "Seo an Cat".
6. Ag léamh na habairte
7. Ag féincheartú
8. Ag scríobh na habairte (a) Rianú (b) Cóipeáil ón seastán.
9. Ag léamh na habairte. Ag déanamh naisc idir an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht.
10. Ag cur na bhfocal ar ais san fhilleán (meaitseáil)
11. Banda A de na leabhair Túsleitheoireachta ó Ionad Choláiste Mhuire.
12. An dóigh le cur leis an stór seo de réir ábaltachta / ranga.

Is léachtóir sinsearach san Oideachas trí mheán na Gaeilge í Eibhlín Mhic Aoidh i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste. Bíonn sí ag teagasc ar chúrsaí B.Oid, TICO (Teastas larchéime san Oideachas) agus M.Oid. Tá blianta fada taithí aici ar an chóras tumoideachais agus í ag teagasc i luathbhlianta na Gaelscolaíochta i mBunscoil Phobal Feirste. Tá suim faoi leith aici i bhfoghlaim sna luathbhlianta agus sna deiseanna a chuireann an súgradh ar fáil le Gaeilge a fhoghlaim agus a shuibhriú.

Is beirt mhúinteoirí ranga ó scoil bheag Ghaeltachta in Iardheisceart Dhún na nGall iad Áine Nic Giolla Bhríde agus Searún Nic Giolla Bháin, a thosaigh ar an tumoideachas sna naonáin in 2017. Rinne siad acmhainní bunaithe ar an seanchóras 'Break-through to Literacy' atá ag obair go han-mhaith leis an luathlitearthacht a chur chun tosaigh ina scoil.

16.15-17.15

Ó chumas go húsáid: ról an Ghaeloideachais i neartú na Gaeilge

An tOllamh Pádraig Ó Duibhir, Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Sa léacht seo déanfaidh an tOllamh Pádraig Ó Duibhir cur síos ar chuid den taighde a d'fhoilsigh sé ina leabhar *Immersion education: Lessons from a minority language context*. Direoidh sé isteach ar an anailís a rinne sé ar chumas na ndaltaí gaeilscoile agus Gaeltachta ar dtús. Ansin cuirfidh sé sonraí i láthair maidir le húsáid na Gaeilge ag daltaí agus a dtuismitheoirí lasmuigh den chomhthéacs ranga agus scoile. Cuirfidh sé an fhianaise seo i gcomhthéacs idirnáisiúnta ag ríomh cuid de na himpleachtaí don teagasc agus do neartú na Gaeilge.

Tá Pádraig Ó Duibhir ina leas-Déan ar Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i láthair na huaire. Roimhe sin bhí sé ina chlárathóir agus léachtóir sinsearach i gColáiste Phádraig. Bianta roimhe sin bhí sé ina phríomhoide ar bhunscoil lán-Ghaeilge. Tá sé ag obair ar thionscadail éagsúla taighde faoi láthair a bhaineann le (i) gnóthachtáil daltaí i scoileanna lán-Ghaeilge ó chúlráí isle socheacnamaíocha, (ii) tacaíocht foghlama do pháistí a bhfuil deacrachtaí/míchumais foghlama acu i suímh tumoideachais, agus (iii) athbhreithniú ar Scéim na gCúntóirí Teanga. D'fhoilsigh *Multilingual Matters* leabhar dá chuid ar an tumoideachas níos luaithe i mbliana - *Immersion education: Lessons from a minority language context*.

16.15 -17.15

Teacht le chéile do na haonaid

Cathaoirleach: Clare Spáinneach, Gaeloideachas

16.15 -17.15

Scéimeanna maoinithe agus tacaíochtaí ó Fhoras na Gaeilge

Roinnfidh foireann Fhoras na Gaeilge eolas faoi obair na heagraíochta, a scéimeanna maoinithe agus na tacaíochtaí atá ar fáil. Beidh deis ag na rannpháirtithe ceisteanna a chur.

19.30

Fáilteú & Dinnéar Ceiliúrtha an Tionóil

Ceol ó scoláirí Choláiste an Eachréidh, Baile Átha an Rí.

Siamsaíocht ó Kíla agus lúibín nó dhó le Ray Mac Mánaís agus Joe Ó Dónaill.

Tionól Forbartha 2019



Óstán an Rochestown Park, Corcaigh
15 Samhain 2019

Sábháil an dáta!

Bí linn ag an gcomhdháil is mó do na
scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta -
ceardlanna agus comhlúadar den chéad scoth!

www.gaeloideachas.ie | eolas@gaeloideachas.ie | 01 8535195

Gaeloideachas 

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta



OÉ Gaillimh
NUI Galway

Tá OÉ Gaillimh ag tairiscint
dhá chúrsa pháirtaimseartha
do mhúinteoirí.

Teastas Iarchéime (Ardscileanna Gaeilge do Mhúinteoirí)

Déanfar an cúrsa seo a reáchtáil ar bhonn na foghlama cumaisc trí mhodúil an chúrsa a sheachadadh ar líne thar thréimhse dhá bhliain nó ar bhonn modúil aonair thar roinnt blianta.

Ard-Diplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach

Is cúrsa dhá bhliain atá i gceist leis an Ard-Diplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach atá dírithe go príomha ar mhic léinn a bhfuil céim onóracha bainte amach acu cheana féin i ndisciplín seachas an Ghaeilge ach atá ag iarraidh an Ghaeilge a shaothrú mar ábhar acadúil ag leibhéal 8.

Tuilleadh eolais: An Dr Dorothy Ní Uigín
t: 091-493493 r: dorothy.niuigin@oegaillimh.ie
www.oegaillimh.ie/acadamh

Gaeloideachas 
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Halla Naomh Pádraig
Institiúid Oideachais Marino
Ascaill Uí Ghríofa
Baile Átha Cliath 9, D09K4P6
01 853 5195
eolas@gaeloideachas.ie
www.gaeloideachas.ie

Urraithe ag



Foras na Gaeilge

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta
23 Plás Windsor
Baile Átha Cliath 2, D02 RU80
01 634 0831
eolas@cogg.ie
www.cogg.ie